# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004

## STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

DE MÁIRT, 15 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 - 5.20

---

Ná freagair ach AON CHÚRSA AMHÁIN *(Cúrsa I nó Cúrsa II)*.

*Ba choir an t-am chun léitheoireachta agus athbhreithniúcháin a thabhairt san áireamh san uasmhéid ama a luaitear le gach ceist.*

---

**CÚRSA I**
**Sibhialtacht an Renaissance**
**(Stair na hÉireann, 1477 - 1625; Stair na hEorpa, 1453 - 1618)**

Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F**.

Do stair na hÉireann a thagraíonn **A,B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D,E** agus **F**.

---

**A**
(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad.*
*Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Cad a bhí sa Pháil?
2. Mínigh an téarma Gallóglach.
3. Cén fáth go raibh na *filí* tábhachtach in Éirinn na nGael?
4. Gearóid Mór, 8ú hIarla Chill Dara, tabhair cúis **amháin** go raibh sé cumhachtach.
5. Tabhair cúis **amháin** leis an naimhdeas idir Buitléirigh Urmhumhan agus Gearaltaigh Chill Dara roimh 1534.
6. Sa bhliain 1541 athraíodh teideal Anraí VIII ó Thiarna ar Éirinn go dtí Rí ar Éirinn. Cén fáth go bhfuair sé an teideal nua?
7. Ainmnigh earra **amháin** a d'onnmhairítí as Éirinn sa séú haois déag.
8. Cén fáth gur cuireadh an tAthair David Wolfe,C.I., go hÉirinn sa bhliain 1560?
9. Cad a bhí in Imshocraíocht Chonnacht, 1585?
10. I stair na hÉireann, cén fáth go raibh tábhacht ag baint le Richard Boyle, 1ú Iarla Chorcaí?
11. Tabhair cúis **amháin** gur caitheadh go dona in Éirinn le cuid díobh sin a tháinig slán as Ármáid na Spáinne.
12. Tabhair difríocht **amháin** a bhí idir na Sean-Ghaill agus na Nua-Ghaill sa séú haois déag in Éirinn.
13. Cén fáth ar aistríodh an Tiomna Nua agus Leabhar na hUrnaí Coitinne go Gaeilge sa chéad deich mbliana den seachtú haois déag?
14. Cén fáth gur phoinnte cinniúna i stair na hÉireann é Imeacht na nIarlaí, 1607?
15. Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas: Gráinne Uí Mháille; Tadhg Dall Ó hUiginn; Edmund Spenser; Richard Creagh; An Tiarna Mountjoy (Charles Blount); Seathrún Céitinn.

---

**B**
(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid ar DHÁ ceann díobh seo faoi seach. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Bia, éadaí agus dídean in Éirinn na nGael.
2. Sir Edward Poynings mar Fhear Ionaid an Rí in Éirinn, 1494 - 1496.
3. Géilleadh agus Athbhronnadh.
4. Plandáil Laoise agus Uíbh Fhailí.
5. Seán Ó Néill.
6. Na hÉireannaigh ar Mhór-Roinn na hEorpa i rith an séú haois déag agus i dtús an seachtú haois déag.

---

**C**
(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Scríobh tuairisc ar DHÁ ceann díobh seo faoi seach. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Meathlú agus turnamh theaglach Chill Dara faoi Ghearóid Óg **agus** faoi Thomás an tSíoda.
2. Na polasaithe creidimh a lean **gach duine** díobh seo a leanas in Éirinn:
   (i) Anraí VIII.
   (ii) Éadbhard VI.
   (iii) Máire Túdar.
3. An Reifirméisean in Éirinn i rith réimeas Eilís I, 1558 – 1603.
4. Plandáil na Mumhan faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Cúiseanna leis an bPlandáil.
   (ii) An chaoi ar cuireadh an Phlandáil i bhfeidhm.
   (iii) Torthaí na Plandála.
5. An Cogadh Naoi mBliana agus ar tháinig ina dhiaidh faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Mar a thosaigh an cogadh.
   (ii) An pháirt a ghlac Aodh Ó Néill ann.
   (iii) Conradh Mellifont, 1603.
6. Éire faoi Shéamas I, 1603 – 1625.

   **NÓ**

   Topaic i Stair na hÉireann, 1477 – 1625, **nach bhfuil liostaithe** i Roinn B nó i Roinn C.

**D**

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Tabhair cúis **amháin** go bhfuil Cogaí na Rós (1455-1487) tábhachtach i stair Shasana.
2. Ainmnigh athrú chun feabhais **amháin** a tháinig ar longthógáil a chabhraigh le taiscéalaíocht.
3. Ainmnigh slí **amháin** ina ndearna Savonarola iarracht an saol i bhFlórans a athrú.
4. Scríobh síos píosa **amháin** den chomhairle a thug Machiavelli in *An Prionsa* don rialtóir uaillmhianach.
5. Cén fáth ar theastaigh ó Anraí VIII colscaradh a fháil ó Catherine Aragon?
6. Cad a bhí i Scriosadh na Róimhe, 1527?
7. Tabhair cúis **amháin** go raibh tábhacht ag baint le Síocháin Augsburg, 1555.
8. Cén fáth ar tugadh Máire na Fola ar Mháire Túdar?
9. Cén fáth ar ordaigh Eilís I go gcuirfí Máire, Banríon na hAlban, chun báis?
10. Tabhair cúis **amháin** gur tharla éirí amach san Isiltír de bharr riail Philib II.
11. Ainmnigh grúpa **amháin** daoine a raibh baint acu le hÁr Lá Fhéile Bairtliméid, 1572.
12. Tabhair cúis **amháin** le rachmas na hOllaine sa séú haois déag.
13. Tabhair cúis **amháin** gur ardaigh praghasanna earraí san Eoraip sa séú haois déag.
14. Cad a bhí i gComhcheilg an Phúdair, 1605?
15. Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas:
    Teresa de Avila; Catherine de Medici; Hans Holbein; Ben Jonson; Claudio Monteverdi; Nicholas Copernicus.

**E**

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid ar DHÁ ceann díobh seo faoi seach. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Mar a neartaigh Fernando agus Isabella an chumhacht ríoga sa Spáinn.
2. An t-achrann idir Louis XI na Fraince agus Séarlas Dána na Burgúine.
3. Na fadhbanna a bhí le sárú ag an Impire Séarlas V.
4. Ivan an Uafáis, Sár na Rúise.
5. Ceann **amháin** díobh seo a leanas:
    (i) mar a chuidigh clódóireacht leis an Renaissance agus leis an Reifirméisean.
    (ii) forbairtí i réalteolaíocht agus/nó i gcúrsaí leighis.
    (iii) daonra na hEorpa, 1453-1618.
6. Na cúiseanna leis an gCogadh Tríocha Bliain.

**F**

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Scríobh tuairisc ar DHÁ ceann díobh seo faoi seach. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. An Renaissance faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
    (i) An chúis gur thosaigh an Renaissance san Iodáil.
    (ii) Péintéireacht nó dealbhadóireacht i Renaissance na hIodáile.
    (iii) An pháirt a ghlac Albrecht Dűrer **nó** Desiderius Erasmus i Renaissance an Tuaiscirt.
2. Taiscéalaíocht agus gabháil tíortha faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
    (i) Cristóbal Colón ( Columbus).
    (ii) Fernando Magallanes ( Magellan).
    (iii) Gabháil Mheicsiceo nó Pheiriú.
3. An Reifirméisean Protastúnach faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
    (i) An chúis gur tharla briseadh idir Luther agus an Róimh.
    (ii) An Ghinéiv le linn do Calvin a bheith ann.
    (iii) Mar a scaip an Cailvíneachas taobh amuigh den Ghinéiv.
4. An pháirt a ghlac **gach ceann** díobh seo a leanas sa Fhrithreifirméisean:
    (i) Comhairle Trento.
    (ii) Na hÍosánaigh.
    (iii) An Chúistiúnacht.
5. Impireacht na nOtamánach (Turcach) ó Thitim Constantinople, 1453, go dtí Cath Lepanto, 1571.
6. Anraí IV na Fraince, 1589 – 1610.

**OR**

Topaic i Stair na hEorpa, 1453 - 1618, **<u>nach bhfuil liostaithe</u>** i Roinn E nó i Roinn F.

**CÚRSA II**
**Sibhialtacht na Linne Seo**
**(Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)**
Freagair **GACH** ceann de na ceisteanna **A,B,C,D,E,F**.
Do stair na hÉireann a thagraíonn **A,B** agus **C;** do stair na hEorpa a thagraíonn **D,E** agus **F**.

## A

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad.*
*Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Tabhair cúis **amháin** gur tháinig laghdú ar dhaonra na hÉireann i rith na tréimhse, 1868 – 1918.
2. Ainmnigh slí **amháin** ina ndearna Joseph Biggar agus daoine eile iarracht ar bhacainníocht a dhéanamh ar Theach na dTeachtaí i Londain.
3. Mínigh conas a bhí "Conradh Chill Mhaighneáin" ina phoinnte cinniúna i ngníomhréim Charles Stewart Parnell.
4. Cad a bhí sa *Phlean Beartaíochta*?
5. Ainmnigh slí **amháin** inar chuidigh Sir Horace Plunkett le feabhas a chur ar fheirmeoireacht na hÉireann.
6. Tabhair cúis **amháin** go raibh agóidí in aghaidh chuairt na Banríona Victoria go hÉirinn, Meán Fómhair, 1900.
7. Ainmnigh gné **amháin** den oideachas a cuireadh ar fáil i Scoil Éanna, a d'oscail Pádraig Mac Piarais sa bhliain 1908.
8. Tabhair ceangal **amháin** a bhí ag an *Titanic* **nó** an *Lusitania* le hÉirinn.
9. Cad a tharla i mBaile Átha Cliath ar Dhomhnach na Fola, i Mí na Samhna, 1920?
10. Cad a bhí i Scéim na Sionainne in Ard na Croise, a críochnaíodh sa bhliain 1929?
11. Tabhair cúis **amháin** gur tarlachtaint thábhachtach i stair na hÉireann é an Comhaontú Angla-Éireannach i 1938.
12. Ainmnigh slí **amháin** inar ghlac Éire páirt i ngníomhaíochtaí Chonradh na Náisiún **nó** i ngníomhaíochtaí na Náisiún Aontaithe.
13. Tabhair cúis **amháin** gur fearadh fíorchaoin fáilte roimh an Uachtarán, John F. Kennedy as na Stáit Aontaithe, nuair a thug sé cuairt ar Éirinn, Meitheamh, 1963.
14. Ainmnigh tarlachtaint **amháin** go ndearnadh comóradh air in Éirinn,Thuaidh nó Theas, i 1966.
15. Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas:
Oscar Wilde; An Cúnta John McCormack; Anna Parnell; Criostóir Ó Riain; Siobhán Nic Cionnaith; T. K. Whitaker.

## B

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)
*Scríobh alt gairid ar DHÁ ceann díobh seo faoi seach. Is fiú 20 marc an ceann iad.*

1. Gladstone agus Éire.
2. Cogadh na Talún,1879-1882.
3. An Bhantiarna Gregory agus Amharclann na Mainistreach.
4. Stailc agus Frithdhúnadh na bliana 1913.
5. Gluaiseacht na Léinte Gorma.
6. An Chéad Rialtas Idirpháirtí, 1948 – 1951.

## C

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)
*Scríobh tuairisc ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Gluaiseacht an Rialtais Dúchais faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Gluaiseacht an Rialtais Dúchais faoi Isaac Butt.
   (ii) Gluaiseacht an Rialtais Dúchais faoi Charles Stewart Parnell.
   (iii) Na cúiseanna go raibh na hAontachtóirí in aghaidh Rialtais Dúchais.
2. Iarrachtaí chun an Ghaeilge agus cluichí traidisiúnta na hÉireann a athbheochan anuas go dtí 1916.
3. An pháirt a ghlac **gach duine** díobh seo a leanas i stair na hÉireann, 1913-1923:
   (i) Pádraig Mac Piarais.
   (ii) Micheál Ó Coileáin.
   (iii) Eamon de Valera.
4. Éire Neamhspleách, 1923-1945, faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Rialtais Chumann na nGaedheal faoi cheannas Liam T. Mhic Choscair, 1923 – 1932.
   (ii) An chaoi ar éirigh le de Valera an Conradh a bhaint as a chéile, 1932-1938.
   (iii) Blianta an Chogaidh, 1939 – 1945.
5. Tuaisceart Éireann, 1920 – 1966, faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Fadhbanna a bhí le sárú ag Tuaisceart Éireann, 1920 – 1939.
   (ii) An tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda II, 1939 – 1945, ar Thuaisceart Éireann.
   (iii) Tuaisceart Éireann, 1945 – 1966.
6. Seán Lemass.

**NÓ**

Topaic i Stair na hÉireann, 1868-1966 **nach bhfuil liostaithe** i Roinn B nó i Roinn C.

**D**

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Freagair go hachomair OCHT gcinn díobh seo a leanas. Is fiú 5 mharc an ceann iad. Is leor abairt nó dhó i ngach cás.*

1. Cén fáth go dtugtaí "othar na hEorpa" ar an Impireacht Thurcach i rith na tréimhse, 1870 – 1914?
2. Sampla de fhrith-sheimíteachas ba ea Cás Dreyfus. Mínigh é sin go hachomair.
3. Ainmnigh forbairt **amháin** i gcúrsaí spóirt i rith na tréimhse, 1870 – 1914.
4. Cén tábhacht a bhain leis an iarnród Tras-Sibéireach don Rúis?
5. Cad a bhí i bPlean Schlieffen?
6. Cén phríomh-aidhm a bhí ag Conradh na Náisiún?
7. Tabhair cúis **amháin** le bua Franco i gCogadh Cathartha na Spáinne, 1936 – 1939.
8. Cad a bhí i Líne Maginot?
9. Cén fáth go ndeachaigh Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach sa Dara Cogadh Domhanda sa bhliain 1941?
10. In oráid a thug Winston Churchill sa bhliain 1946, thagair sé do "Cuirtín Iarainn" a bhí ag roinnt cuid den Eoraip ón gcuid eile. Cad a bhí i gceist aige?
11. Cad a bhí i bPlean Marshall?
12. Cén fáth go raibh éirí amach san Ungáir sa bhliain 1956?
13. In óraid a thug Harold Macmillan sa bhliain 1960, thagair sé do "gaoth an athraithe" a bhí ag séideadh tríd an Afraic. Cad a bhí i gceist aige?
14. Ainmnigh athrú **amháin** a rinne Nikita Krushchev san Aontas Sóivéadach.
15. Cén ghné den ghníomhaíocht dhaonna a shamhlaíonn tú le duine **amháin** díobh seo a leanas: Florence Nightingale; Marie Curie; Louis Blériot; Leni Riefenstahl; Yuri Gagarin; Bobby Charlton.

**E**

(Uasmhéid ama a mholtar: 20 nóiméad)

*Scríobh alt gairid ar DHÁ ceann díobh seo faoi seach. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Na fadhbanna a bhí ag an Impireacht Ostra-Ungárach, 1870 - 1914.
2. Mínigh cén fáth go mbíodh tíortha Eorpacha ag lorg coilíneachtaí thar lear, 1870 –1914.
3. Leasuithe sa Bhreatain Mhór, 1870 - 1914.
4. Cogaíocht ar Fhronta an Iarthair sa Chéad Chogadh Domhanda.
5. An chaoi ar rialaigh Mussolini an Iodáil.
6. Charles de Gaulle.

**F**

(Uasmhéid ama a mholtar: 50 nóiméad)

*Scríobh tuairisc ar DHÁ cheann díobh seo faoi seach. Is fiú 60 marc an ceann iad.*

1. Otto von Bismarck, Seansailéar na Gearmáine, 1871 - 1890.
2. Fadhbanna a bhí le sárú ag an bhFrainc sa bhaile agus thar lear, 1870 - 1914.
3. An Ghearmáin, 1919 – 1939, faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Fadhbanna a bhí le sárú ag an nGearmáin faoi rialtas Weimar, 1919 - 1933.
   (ii) An chaoi ar rialaigh Hitler an Ghearmáin, 1933 – 1939.
   (iii) Polasaí eachtrach Hitler, 1933 – 1939.
4. An Rúis Shóivéadach faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) An chaoi ar rialaigh Lenin an Rúis, 1917-1924.
   (ii) An chaoi ar rialaigh Stalin an Rúis go dtí 1941 (nuair a rinne an Ghearmáin ionradh ar an tír).
   (iii) An pháirt a ghlac an Rúis Shóivéadach i mbriseadh na Gearmáine sa Dara Cogadh Domhanda.
5. An Bhreatain Mhór, 1939-1966, faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:
   (i) An pháirt a ghlac an Bhreatain Mhór sa Dara Cogadh Domhanda.
   (ii) An Stát Leasa Shóisialta.
   (iii) Díchoilíniú (i.e.ag tarraingt siar ó limistéir thar lear)
   **nó**
   An Bhreatain Mhór agus Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (C.E.E.).
6. An Cogadh Fuar, 1945 – 1966.

**NÓ**

Topaic i Stair na hEorpa, 1870 - 1966, **nach bhfuil liostaithe** i Roinn E nó Roinn F.

Leathanach Bán